Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Samhain 2022
(OR. en)

14319/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0352(NLE)

ACP 119
AGRI 606
AGRIORG 117
COAFR 288
RELEX 1465
WTO 205

TOGRA

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	31 Deireadh Fómhair 2022
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2022) 566 final
Ábhar:	Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 566 final.

Faoi iamh: COM(2022) 566 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 31.10.2022
COM(2022) 566 final

2022/0352 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, i ndáil le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt tuaithe a bhunú. Go dtí seo, faoi théarmaí an Chomhaontaithe, is é Poblacht Camarún Páirtí na hAfraice Láir.

2. COMHTHÉACS AN TOGRA

2.1. An Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile

An Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (an Comhaontú), tá sé d'aidhm aige:

(a) Cuidiú leis an mbochtaineacht a laghdú agus í a dhíothú ar deireadh trí chomhaontú trádála a bhunú atá comhsheasmhach le cuspóir na forbartha inbhuanaithe, Spriocanna Forbartha na Mílaoise (SFM) agus Comhaontú Cotonou;

(b) Geilleagar réigiúnach a chur chun cinn san Afraic Láir atá níos iomaíche agus níos éagsúlaithe, chomh maith le fás níos láidre;

(c) An comhtháthú réigiúnach, an dea-rialachas agus an comhar eacnamaíoch a chothú i réigiún na hAfraice Láir;

(d) comhtháthú céimnitheach Pháirtí na hAfraice Láir sa gheilleagar domhanda a chur chun cinn, i gcomhréir lena roghanna polaitiúla agus tosaíochtaí forbartha;

(e) Feabhas a chur ar chumas Pháirtí na hAfraice Láir ó thaobh beartas trádála agus saincheisteanna a bhaineann le trádáil;

(f) creat rialála éifeachtúil intuartha trédhearcach a bhunú agus a chur chun feidhme le haghaidh trádáil agus infheistiú i réigiún na hAfraice Láir, rud a thacóidh leis na coinníollacha i gcomhair infheistiú agus tionscnaimh san earnáil phríobháideach a mhéadú, agus feabhas a chur ar an acmhainneacht atá ann táirgí agus seirbhísí a sholáthar, ar an iomaíocht agus ar fhás eacnamaíoch sa réigiún;

(g) an caidreamh atá ann cheana idir na Páirtithe a neartú ar bhonn na dlúthpháirtíochta agus an leasa fhrithpháirtigh. Chuige sin, i gcomhréir le hoibleagáidí EDT, déanfaidh an Comhaontú an caidreamh tráchtála agus an caidreamh eacnamaíoch a fheabhsú, tacóidh sé le cur chuige trádála nua idir na Páirtithe trí léirscaoileadh trádála céimnitheach neamhshiméadracha a dhéanamh eatarthu agus déanfaidh sé an comhar a neartú, a dhoimhniú agus a leathnú i ngach réimse a bhaineann le trádáil;

(h) forbairt san earnáil phríobháideach agus fás fostaíochta a chur chun cinn.

Rinneadh an Comhaontú a chaibidliú idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Camarún, Poblacht na hAfraice Láir, an Congó, Poblacht Dhaonlathach an Chongó, São Tomé agus Príncipe, an Ghabúin, an Ghuine Mheánchiorclach, agus Sead, den pháirt eile. Go dtí seo, faoi théarmaí an Chomhaontaithe, is é Poblacht Camarún Páirtí na hAfraice Láir.

Síníodh an Comhaontú le Páirtí na hAfraice Láir sa Bhruiséil an 22 Eanáir 2009, agus cuireadh an Comhaontú i bhfeidhm ar bhonn sealadach ón 4 Lúnasa 2014.

2.2. An Fochoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

De bhun airteagal 5 de Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE idir an tAontas agus an Afraic Láir, a glacadh an 15 Nollaig 2016 le Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE, féadfaidh Coiste CCE fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, a bheidh freagrach as ábhair shonracha a láimhseáil faoin gComhaontú.

Le rún a glacadh linn an chéad chruinnithe de Choiste CCE na hAfraice Láir, a reáchtáladh an 11 agus an 12 Bealtaine 2015 sa Bhruiséil (An Bheilg) idir an tAontas agus Camarún, deimhníodh gur ghá an fochoiste sin a bhunú.

An 9 agus an 10 Meitheamh 2022, faoi chuimsiú chlár an séú chruinniú de Choiste CCE idir an tAontas agus Camarún, d'athdhearbhaigh na Páirtithe a dtoilteanas fochoiste CCE a bhunú atá tiomanta do shaincheisteanna talmhaíochta agus tréadacha agus rinne siad plé cuimsitheach ar ábhar an dréacht-Chinnidh ó Choiste CCE lena mbunaítear fochoiste den sórt sin. Bailíochtaíodh an dréachtchinneadh idir na Páirtithe, agus d'aontaigh siad an cinneadh sin a ghlacadh a luaithe is féidir tar éis a athbhreithnithe ag an bhfoireann dlí agus i gcomhréir le nósanna imeachta inmheánacha gach Páirtí.

3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle, leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE maidir le bunú an Fhochoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe arna bhunú ag Coiste CCE na hAfraice Láir-AE.

4. BUNÚS DLÍ

4.1. Bunús dlí don nós imeachta

4.1.1. Prionsabail

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh*'[1].

4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Is comhlacht é Coiste CCE arna bhunú ag Comhaontú, is é sin an Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar Choiste CCE a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. An gníomh atá beartaithe, beidh sé ceangailteach faoin dlí i gcomhréir le hAirteagal 92 den

[1] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:AE:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Chomhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile.

Leis an ngníomh atá beartaithe, ní fhorlíontar creat institiúideach an Chomhaontaithe ná ní leasaítear é.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.2. Bunús dlí substainteach

4.2.1. Prionsabail

Braitheann an bunús dlí substainteach le haghaidh cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is í an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús dlí substainteach leis an gcinneadh atá beartaithe.

4.3. Conclúid

Ba cheart an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith mar bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú le gníomh ón gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta , is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0352 (NLE)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gCoiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe a bhunú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) de, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (an Comhaontú)[2], síníodh sa Bhruiséil é an 22 Eanáir 2009 de bhun Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle[3], agus a cuireadh i bhfeidhm ar bhonn sealadach é ón 4 Lúnasa 2014.

(2) Faoi théarmaí an Chomhaontaithe, is é Poblacht Camarún Páirtí na hAfraice Láir.

(3) De bhun Airteagal 92 den Chomhaontú, bunaítear Coiste CCE na hAfraice Láir-AE, a bheidh freagrach as riarachán gach earnála a chumhdaítear sa Chomhaontú agus as na cúraimí uile dá dtagraítear ann a chomhlánú.

(4) De bhun Airteagal 5 de Rialacha Nós Imeachta Choiste CCE idir an tAontas agus an Afraic Láir a glacadh an 15 Nollaig 2016 le Cinneadh Uimh. 1/2016 ó Choiste CCE, chun a chuid cúraimí a fheidhmiú go héifeachtúil, féadfaidh Coiste CCE na hAfraice Láir-AE fochoistí a chur ar bun, faoina údarás féin, a bheidh freagrach as ábhair éagsúla a láimhseáil faoin gComhaontú. Dá réir sin, is féidir le Coiste CCE na hAfraice Láir-AE Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt tuaithe a bhunú chun cuspóirí an Comhaontaithe a bhaint amach.

(5) An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i ndáil le bunú Fhochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, is iomchuí an seasamh sin a leagan síos ós rud é go mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige san Aontas.

(6) Seasamh an Aontais i ndáil le bunú an Fhochoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe, is ar an dréacht-Chinneadh atá i gceangal leis an gCinneadh seo ba cheart an seasamh sin a bhunú,

---

[2] IO L 57, 28.2.2009, Lch. 1.

[3] Cinneadh 2009/152/CE ón gComhairle an 20 Samhain 2008 maidir le síniú agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe eatramhaigh d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile (IO L 57, 28.2.2009, Lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais laistigh de Choiste CCE arna bhunú faoin gComhaontú Eatramhach d'fhonn Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche a bhunú idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Páirtí na hAfraice Láir, den pháirt eile, i ndáil le Fochoiste CCE um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt tuaithe a bhunú, is ar an dréachtchinneadh ó Choiste CCE atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bhunófar an seasamh sin.

Údarófar mionleasaithe ar an dréachtchinneadh, mionleasaithe nach ndéanann aon athrú ar an tsubstaint, gan gá le cinneadh nua ón gComhairle.

Airteagal 2

Tar éis a ghlactha, foilseofar an Cinneadh ó Choiste CCE in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 3

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán